C/2024/5180

21.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11677 – MIDEUROPA PARTNERS / FAMAR)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5180)

1. An 8 Lúnasa 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MidEuropa V Management Limited ('MidEuropa Partners', Geansaí),

— MPILO S.à r.l. ('MPILO', Lucsamburg), cuideachta sealbhaíochta Famar Group.

Gheobhaidh MidEuropa Partners rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar MPILO ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh é MidEuropa Partners a dhíríonn ar ghnólachtaí in earnálacha na dtomhaltóirí, an chúraim sláinte, na seirbhísí agus na teicneolaíochta,

— Is é MPILO cuideachta sealbhaíochta an ghrúpa cuideachtaí Famar group ('Famar Group'), grúpa atá gníomhach sa mhargadh forbartha agus monaraíochta cógaisíochta ar conradh. Soláthraíonn Famar Group seirbhísí forbartha agus monaraíochta don tionscal cógaisíochta i ndáil le cógais agus móilíní éagsúla.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11677 – MIDEUROPA PARTNERS / FAMAR

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.